An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine

# An Cúlchiste Náisiúnta (Feirmeoir Óg/Iontrálaí Nua) agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021

## Téarmaí agus Coinníollacha

Agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2017/2393 á gcur i bhfeidhm

## Clár Ábhar

**Réamhrá** ........ **4**

**Mír 1: Scéim na bhFeirmeoirí Óga** ........ **7**

Cé atá Incháilithe do Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021? ........ 7

1.2 Cáilitheacht Feirmeora Óig/Feirmeoirí Óga i nGrúpa - Scéim na bhFeirmeoirí Óga ........ 7

1.3 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Scéim na bhFeirmeoirí Óga ........ 8

1.4 Riachtanais Cháilíocht Oideachais – Scéim na bhFeirmeoirí Óga ........ 9

1.5 Íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga ........ 9

1.6 Cigireachtaí ........ 10

1.7 Ceannas Bainistíochta agus Airgeadais an ghabhháltais ag an bhFeirmeoir Óg ........ 11

1.8 Cáipéisíocht bhreise a thacaíonn le ceannas an ghabhháltais ag an bhFeirmeoir Óg ........ 11

1.9 Pionóis riaracháin ........ 11

**Mír 2: An Cúlchiste Náisiúnta - Catagóir na bhFeirmeoirí Óga** ........ **12**

2.1 Cé atá Incháilithe do Chatagóir na bhFeirmeoirí Óga den Chúlchiste Náisiúnta? ........ 12

2.2 Cáilitheacht Feirmeora Óig/Feirmeoirí Óga i nGrúpa - Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta ........ 12

2.3 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta 13

2.4 Riachtanais Cháilíocht Oideachais – Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta ........ 14

2.5 An Cúlchiste Náisiúnta – Ioncam Amach ón bhFeirm ........ 14

**Mír 3: An Cúlchiste Náisiúnta – Catagóir Iontrálaí Nua** ........ **16**

3.1 Cé atá Incháilithe do Chatagóir Iontrálaí Nua an Chúlchiste Náisiúnta? ........ 16

3.2 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Catagóir na nIontrálaithe Nua ........ 16

3.3 Riachtanais maidir le Cáilíocht Oideachais – Catagóir Iontrálaí Nua an Chúlchiste Náisiúnta . 17

3.4 An Cúlchiste Náisiúnta – Ioncam Amach ón bhFeirm ........ 17

**Mír 4: An Cúlchiste Náisiúnta – Leithdháiltí** ........ **19**

4.1 Leithdháileadh/Breisiú ar Luach Teidlíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta ........ 19

4.2 Luach Theidlíochtaí an Chúlchiste Náisiúnta Faoi Láthair agus Amach Anseo. ........ 19

**Mír 5: Coinníollacha Ginearálta** ........ **20**

5.1 Iarratais ........ 20

5.2 Comhfhreagras ón Roinn ........ 20

5.3 Freagracht an Iarratasóra agus/nó an Ghníomhaire ........ 20

5.4 Iarratas a Seoladh ar Aghaidh a Leasú ........ 21

5.5 Iarratais Iolracha ... 21
5.6 Pionóis ar Chionta Coiriúla ... 21
5.7 Faomhadh a Aistarraingt ... 21
5.8 Teidlíochtaí a Leithdháileadh go Mícheart a Aisghabháil ... 21
5.9 Clásal Seachanta ... 21
5.10 Athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí agus Coinníollacha/Nósanna Imeachta ... 22
5.11 Ionstraim Reachtúil – Bréagdhearbhuithe ... 22
5.12 Sonraí Teagmhála ... 22
**Mír 6: Cosaint Sonraí ... 23**
**Aguisín A: Cáilíochtaí Oideachais ... 26**

# Réamhrá

Tá an 2 scéim seo a leanas á rialáil ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo

1. **Scéim na bhFeirmeoirí Óga**
2. **Catagóirí an Chúlchiste Náisiúnta - Feirmeoir Óg agus Iontrálaí Nua**

**Téarmaí agus Coinníollacha**

**Dátaí Deiridh**

1. Caithfear iarratais faoin gCúlchiste Náisiúnta agus scéim na Feirmeoirí Óga a sheoladh ar aghaidh **an 17 Bealtaine 2021** nó roimhe sin.

2. Tá na Scéimeanna seo á gcur i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, 639/2014, 640/2014, 641/2014, 809/2014, 1306/2013 agus 2017/2393 arna leasú agus oibreoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara iad. Cé gur ullmhaíodh an leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha seo mar threoir d'fheirmeoirí, ba cheart a aithint go gcuireann Rialacháin an AE, a rialaíonn é, an bonn údarásach faoin scéim a riar agus faoi chinntí a dhéanamh faoi cháilitheacht maidir leis an scéim agus le híocaíocht.

3. Tá uimhir thréada chláraithe le bheith ag iarratasóirí chun cáiliú don Chúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Caithfidh iarratais ar uimhir thréada, nó go gcuirfear san áireamh thú in uimhir thréada reatha, a bheith faighte ag an Oifig Tréidliachta Ceantair (DVO) faoin 17 Bealtaine 2021.

4. Sa chás nár sannadh uimhir thréada ag dáta seolta an iarratais faoin gCúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga, tá áis ar fáil trí iNet go seolfaidh Gníomhairí cláraithe Talmhaíochta na hiarratais siúd ar aghaidh.

5. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, má dhéantar ainm a chur le/a bhaint ó uimhir thréada reatha, má dhéantar aonán dlíthiúil a athrú, má dhéantar comhpháirtíocht feirme chláraithe a chruthú/a scaoileadh nó má dhéantar aon leasú eile ar shonraí cláraithe uimhir thréada faoin raibh teidlíochtaí á sealbhú in 2020, is gá sonraí cláraithe na dteidlíochtaí a athrú freisin. Sna cásanna siúd, caithfear iarratas ar aistriú teidlíochtaí a sheoladh ar aghaidh faoin 17 Bealtaine 2021, nó ní bheidh na teidlíochtaí ar fáil don aistrí lena n-úsáid in 2021 agus eiseofar Buníocaíocht 2021 don aistreoir.

6. Tá ar iarratasóirí Iarratas bailí ar an Scéim Buníocaíochta a sheoladh chuig an Roinn faoin 17 Bealtaine 2021.

7. Ní féidir teidlíochtaí a leithdháileadh ón gCúlchiste Náisiúnta ná méadú ar luach na teidlíochtaí reatha a dhéanamh ach le duine ar feirmeoir gníomhach é/í, faoi mar a shainmhínítear i Rialachán na Comhairle (AE) Uimh. 1307/2013.

8. Ní ghlacfar le hiarratas nó is féidir faomhadh a aistarraingt má, i dtuairim an Aire nó a oifigeach, go ndeimhnítear gur chruthaigh iarratasóir na coinníollacha go saorga a theastaíonn chun cúnamh deontais a fháil ag féachaint le buntáiste a fháil in aghaidh chuspóirí na Scéime.

9. Caithfear iarratais a sheoladh ar aghaidh ar líne trí agfood.ie. Ar an ábhar sin, caithfidh iarratasóirí a bheith cláraithe do sheirbhísí ar líne (SAL) leis an Roinn. Is féidir teacht ar threoracha maidir le clárú ar www.agfood.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le: An Deasc Chabhrach Seirbhísí Ar líne in Oifig na Roinne sa Chabhán, trí ghlaoch ar Ghlaoch Áitiúil 0761 064424 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig agfood@agriculture.gov.ie.

10. Caithfidh iarratasóirí ar mian leo go ndéanfaidh gníomhaire/gníomhaireacht iarratas a dhéanamh ar líne thar a gceann a bheith cláraithe ar dtús le haghaidh seirbhísí ar líne (SAR) leis an Roinn agus a bheith bainteach leis an ngníomhaire sin. Is féidir teacht ar threoracha maidir le clárú ar www.agfood.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le: An Deasc Chabhrach Seirbhísí Ar líne in Oifig na Roinne sa Chabhán, trí ghlaoch ar Ghlaoch Áitiúil 0761 064424 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig agfood@agriculture.gov.ie.

11. A luaithe a sheol tú d'iarratas ar aghaidh trí iNet, beidh taifead ar an iarratas le feiceáil faoi 'Comhfhreagras' agus moltar d'iarratasóirí/gníomhairí Comhfhreagras a chuardach lena dheimhniú gur éirigh le hiarratasóir an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh. Is é an taifead seo an t-aon chruthúnas gur seoladh iarratas ar aghaidh a nglactar leis trí iNet faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021. Ní dhéanfar breithniú ach ar iarratais atá líonta go hiomlán agus a seoladh ar aghaidh.

12. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach Seirbhísí Ar Líne freisin chun teacht ar eolas agus tacaíocht nuair a thagann saincheisteanna chun solais maidir le hAinm úsáideora nó Pasfhocal.

13. Measfar go bhfuil iarratais nach dtacaíonn an cháipéisíocht riachtanach go léir leo (seachas Fógra Measúnaithe 2020 d'iarratasóirí féinfhostaithe nach mbeidh ar fáil faoin dáta deiridh) déanach agus/nó go bhfuil siad neamh-inghlactha. Is féidir pionóis a ghearradh ar iarratais dhéanacha, faoi mar a leagtar amach sa tábla thíos, agus meastar go bhfuil iarratais a fhaightear 25 lá féilire i ndiaidh an dáta sin neamh-inghlactha. Is ar an iarratasóir atá i gceist atá an fhreagracht as iarratais a sheoladh chuig an Roinn. Leagtar tábla de phionóis infheidhme amach ag *Tábla 1*.

14. Comhaontaíonn iarratasóirí faoi na Scéimeanna gur féidir leis an Roinn sonraí a choimeádann an Roinn a mhalartú, a iarraidh nó a rochtain, nó go seachtrach, maidir leis na hiarratasóirí a theastaíonn ar mhaithe lena n-iarratas agus/nó cáilitheacht faoin Scéim a mheasúnú nó a fhíorú.

15. Maidir le hiarratais ó ghrúpaí (e.g. comhuimhir thréada, comhpháirtíocht feirme chláraithe nó cuideachta), seoltar cáipéisí agus eolas ar aghaidh a bhaineann le hiarratais a rinne na grúpaí seo le toiliú gach baill an ghrúpa agus cuirtear ar fáil dóibh iad agus, nuair is infheidhme, do ghníomhairí a ghníomhaíonn thar ceann an ghrúpa.

16. Tabhair faoi deara na dátaí tábhachtacha, le do thoil, maidir le hiarratas a sheoladh faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 ag *Tábla 2*.

**Tábla 1**

| **Pionóis an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021** |
|---|

| Dáta | Lá | Líon na Laethanta Féilire | Líon na Laethanta Oibre Déanach | Pionós Infheidhme SFÓ | Pionós Infheidhme an CN |
|---|---|---|---|---|---|
| 18/05/2021 | Dé Máirt | 1 | 1 | 1% | 3% |
| 19/05/2021 | Dé Céadaoin | 2 | 2 | 2% | 6% |
| 20/05/2021 | Déardaoin | 3 | 3 | 3% | 9% |
| 21/05/2021 | Dé hAoine | 4 | 4 | 4% | 12% |
| 22/05/2021 | Dé Sathairn | 5 | 4 | 4% | 12% |
| 23/05/2021 | Dé Domhnaigh | 6 | 4 | 4% | 12% |
| 24/05/2021 | Dé Luain | 7 | 5 | 5% | 15% |
| 25/05/2021 | Dé Máirt | 8 | 6 | 6% | 18% |
| 26/05/2021 | Dé Céadaoin | 9 | 7 | 7% | 21% |
| 27/05/2021 | Déardaoin | 10 | 8 | 8% | 24% |
| 28/05/2021 | Dé hAoine | 11 | 9 | 9% | 27% |
| 29/05/2021 | Dé Sathairn | 12 | 9 | 9% | 27% |
| 30/05/2021 | Dé Domhnaigh | 13 | 9 | 9% | 27% |
| 31/05/2021 | Dé Luain | 14 | 10 | 10% | 30% |
| 01/06/2021 | Dé Máirt | 15 | 11 | 11% | 33% |
| 02/06/2021 | Dé Céadaoin | 16 | 12 | 12% | 36% |
| 03/06/2021 | Déardaoin | 17 | 13 | 13% | 39% |
| 04/06/2021 | Dé hAoine | 18 | 14 | 14% | 42% |
| 05/06/2021 | Dé Sathairn | 19 | 14 | 14% | 42% |
| 06/06/2021 | Dé Domhnaigh | 20 | 14 | 14% | 42% |
| 07/06/2021 | Dé Luain | 21 | 14 | 14% | 42% |
| 08/06/2021 | Dé Máirt | 22 | 15 | 15% | 45% |
| 09/06/2021 | Dé Céadaoin | 23 | 16 | 16% | 48% |
| 10/06/2021 | Déardaoin | 24 | 17 | 17% | 51% |
| 11/06/2021 | Dé hAoine | 25 | 18 | 18% | 54% |
| 12/06/2021 | Dé Sathairn | Neamh-inghlactha | Neamh-inghlactha | Neamh-inghlactha | Neamh-inghlactha |

**Tábla 2**

**Dátaí Tábhachtacha**

**An 17 Bealtaine 2021** – An dáta deireanach chun iarratais a sheoladh faoin gCúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021, an cháipéisíocht tacaíochta go léir san áireamh le pionós déanach a sheachaint.

An dáta deireanach chun iarratais ar Aistriú Teidlíochtaí a sheoladh.

**An 11 Meitheamh 2021** – An dáta deireanach chun iarratais a sheoladh faoin gCúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 ar a ngearrfar pionóis.

**An 12 Meitheamh 2021** – Tá iarratais faoin gCúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga a fhaightear ar an dáta seo/i ndiaidh an dáta seo neamh-inghlactha.

# **Mír 1: Scéim na bhFeirmeoirí Óga**

## Cé atá Incháilithe do Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021?

Le bheith incháilithe páirt a ghlacadh i Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021, caithfidh iarratasóir na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

- ✓ Sheol sé/sí iarratas bailí ar an Scéim Buníocaíochta 2021 ar aghaidh faoi uimhir thréada inar chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas san áireamh;

- ✓ Níl sé/sí níos sine ná 40 bliain d'aois ag aon tráth i rith na bliana féilire ina seolann sé/sí iarratas ar aghaidh faoin Scéim Buníocaíochta i dtosach;

- ✓ D'éirigh leis/léi cúrsa aitheanta oideachais sa talmhaíocht a chríochnú ar bronnadh dámhachtain ar leibhéal 6 FETAC nó a chomhionann ar a chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021 (féach Mír 1.4);

- ✓ Tá ceann gabháltas talmhaíochta á dhéanamh de/di den chéad uair nó bhunaigh sé/sí gabháltas den saghas sin sna cúig bliana sular seoladh an t-iarratas ar an Scéim Buníocaíochta (féach 1.8 thíos);

- ✓ Caithfidh sé/sí teidlíochtaí don Scéim Buníocaíochta a chur i ngníomh maidir le 2021;

- ✓ Déanann sé/sí iarratas go gcuirtear san áireamh é/í i Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2021 ar na bealaí seo a leanas

  a) iarratas a sheoladh ar líne trí iNet, i gcás iarratasóirí nua;
  b) i gcás iarratasóirí ar éirigh lena n-iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga 2020 agus atá incháilithe leanúint le páirt a ghlacadh in 2021 – trí rogha Scéim na bhFeirmeoirí Óga a roghnú ar an Iarratas ar an Scéim Buníocaíochta 2021. Sa chás nach bhfuil rogha Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar fáil san iarratas ar an Scéim Buníocaíochta 2021 do rannpháirtí leanúnach, is ar an iarratasóir atá an dualgas iarratas nua a sheoladh trí iNet;
  c) i gcás iarratasóirí ar athraíodh an clárú don uimhir thréada dóibh - caithfear iarratas a sheoladh ar líne trí iNet.

## 1.2 Cáilitheacht Feirmeora Óig/Feirmeoirí Óga i nGrúpa - Scéim na bhFeirmeoirí Óga

Sa chás go dtugann feirmeoir óg faoin ngníomhaíocht feirmeoireachta mar chuid de <u>ghrúpa</u> e.g. i gcomhuimhir thréada, comhpháirtíocht feirme chláraithe nó cuideachta, measfar go mbeidh an grúpa incháilithe do Scéim na bhFeirmeoirí Óga má shásaítear na coinníollacha seo a leanas;

- ✓ Caithfidh ar a laghad duine amháin sa ghrúpa an sainmhíniú ar Fheirmeoir Óg, faoi mar a dtugtar cuntas air i Mír 1.1 thuas, a shásamh;
- ✓ Caithfidh an Feirmeoir Óg sin ceannas éifeachtach agus fadtéarmach a fheidhmiú leis/léi féin nó i gcomhar lena chéile laistigh den ghrúpa i dtaobh cinntí a bhaineann le bainistíocht, tairbhí agus rioscaí airgeadais an ghrúpa. Léirítear an ceannas sin mar seo a leanas:
  - o tá ainm an fheirmeora óig ar an uimhir thréada.

- tá ainm an fheirmeora óig ar an gcuntas bainc a úsáidtear ar mhaithe le híocaíochtaí a fháil faoin scéim Buníocaíochta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga.
- **Cuideachtaí Amháin** - caithfidh gur Stiúrthóir é/í an Feirmeoir Óg agus caithfidh go bhfuil scairsheilbh ar a laghad 20% aige/aici sa Chuideachta**;**
  - Is féidir leis an Rúnaí, faoi mar a liostaítear i dtuairisceán bliantúil B1 do bhliain an iarratais Foirm Dhearbhaithe an CN/SFÓ a líonadh ina ndeimhnítear go bhfuil ceannas éifeachtach ag an bhfeirmeoir óg, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le baill eile den ghrúpa. Nuair nár shínigh an Rúnaí an fhoirm dhearbhaithe, caithfidh na stiúrthóirí go léir an fhoirm dhearbhaithe a shíniú.
- caithfidh gach duine a ghlacann páirt sa ghrúpa Foirm Dhearbhaithe an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga a líonadh ina ndeimhnítear go bhfuil ceannas éifeachtach ag an bhfeirmeoir óg, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le baill eile den ghrúpa. Tá an fhoirm dhearbhaithe seo atá ar fáil le foirm iarratais na scéime agus ar an láithreán gréasáin na Roinne agus caithfear é a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga arís.

Ríomhfar an tréimhse íocaíochta/cháilitheachta 'cúig bliana' ón tráth a cháilíonn an Feirmeoir Óg do Scéim na bhFeirmeoirí Óga sa ghrúpa. Sa chás go raibh feirmeoir óg ag tabhairt faoi ghníomhaíocht talmhaíochta cheana féin, cibé acu leis/léi féin nó mar chuid de ghrúpa/chomhpháirtíocht feirme chláraithe/Chuideachta, cuirfear an tréimhse seo de ghníomhaíocht talmhaíochta san áireamh nuair a bhíonn an tréimhse cúig bliana á ríomh.

Nuair a ghlac breis agus feirmeoir óg amháin le ballraíocht den ghrúpa ag amanna éagsúla, déantar breithniú ar an dáta is luaithe a ghlacann feirmeoir le ballraíocht ag an dáta bunaithe ar mhaithe leis an téarma 5 bliana uasta a ríomh ina n-íocfar SFÓ;

I gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán an AE 639/2014, cuirfear stop le cáilitheacht d'íocaíocht faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga mura bhfuil ceannas ag an bhFeirmeoir Óg a thuilleadh, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le daoine eile laistigh den aonán feirmeoireachta. Tá ar iarratasóirí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a chur ar an eolas láithreach ar athrú den sórt sin.

Chomh maith leis sin, caithfear aon athrú a thagann ar shonraí cláraithe na huimhreach tréada nó an aonáin feirmeoireachta, mar shampla, Iarratasóir Aonair 2020 a ghlacann ballraíocht de chomhpháirtíocht feirme chláraithe in 2021, athrú ar Stiúrthóirí i gCuideachta, a thabhairt le fios don Roinn. B'fhéidir go mbeidh iarratas nua nó leasaithe ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga ag teastáil.

## 1.3 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Scéim na bhFeirmeoirí Óga

Ag brath ar an aonán feirmeoireachta, beidh ar iarratasóirí cáipéisí áirithe a sheoladh chun tacú lena n-iarratas mar seo a leanas:

*<u>Feirmeoir Óg arb Iarratasóir Aonair é/í</u>*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nuair a chuirtear an céanna san áireamh in Aguisín A nó nuair nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, litir choibhéise ó Teagasc ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime (féach mír 1.4 thíos).

- ✓ Sa chás gurb éagsúil ainm an iarratasóra ón ainm sin ar an deimhniú oideachais, beidh cóip de dheimhniú pósta/gníomhas aonpháirtí etc. ag teastáil.

*Feirmeoir Óg i nGrúpa – Comhuimhir Thréada/Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe/Cuideachta*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nó litir choibhéise ó Teagasc (féach Mír 1.4 thíos);
- ✓ Teastas breithe fada an Fheirmeora Óig/na bhFeirmeoirí Óga sa ghrúpa. Sa chás gurb éagsúil ainm an iarratasóra ón ainm sin ar an teastas breithe, beidh cóip de dheimhniú pósta/gníomhas aonpháirtí etc. ag teastáil;
- ✓ Nuair is éagsúil an céadainm atá ar an teastas breithe ón ainm faoina ndéantar an t-iarratas (e.g. céadainm foirmiúil in aghaidh an ainm a mbaintear úsáid choiteann as), teastaíonn soiléiriú;
- ✓ Dearbhú an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar mhaithe le ceannas éifeachtach agus fadtéarmach an Fheirmeora Óig sa ghrúpa a dheimhniú (tá Aturnae le bheith ina fhinné air agus le hé a stampáil) féach Mír 1.2 thuas;
- ✓ **Comhuimhir Thréada Amháin** - Chun tacú le maíomh an Fheirmeora Óig gurb aige/aici atá an ceannas airgeadais aonair nó comhroinnte ar an bhfiontar feirmeoireachta, caithfear cáipéisíocht a sholáthar lena dheimhniú go bhfuil ainm(neacha) an Fheirmeora Óig ar an gcuntas bainc a n-eisítear íocaíochtaí ón Roinn dó, e.g. ráiteas bainc, litir ón mbanc, etc.
- ✓ **Cuideachta Amháin – cáipéisíocht** a thacaíonn leis an maíomh gur Stiúrthóir é/í an Feirmeoir Óg agus go bhfuil scairsheilbh ar a laghad 20% aige/aici sa Chuideachta.

Tabhair faoi deara, le do thoil, b'fhéidir go mbeidh gá le cáipéisíocht bhreise a iarraidh ó iarratasóirí nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil.

### 1.4 Riachtanais Cháilíocht Oideachais – Scéim na bhFeirmeoirí Óga

Chun go measfar go bhfuil tú incháilithe faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga, caithfidh gur éirigh le hiarratasóir cúrsa oideachais talmhaíochta a chríochnú ar Leibhéal 6 FETAC, nó a chomhionann, faoin 17 Bealtaine 2021 agus caithfidh siad cóip den cháilíocht seo/litir choibhéise Teagasc a sheoladh ar aghaidh chun tacú lena n-iarratas.

Leagtar liosta de chúrsaí a nglactar leo amach in Aguisín A. Sa chás nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, caithfear litir choibhéise ó Teagasc a sheoladh ar aghaidh ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime.

Má rinne iarratasóir an cúrsa faoin 17 Bealtaine 2021 ach mura bhfuair sé/sí deimhniúchán deiridh, seol Foirm um Dheimhniú Oideachais, le do thoil, atá ar fáil lena híoslódáil ar an áis iarratais ar líne agus ar láithreán gréasáin na Roinne. Ba cheart leagan B den fhoirm seo a sheoladh nuair a bhí an cúrsa sceidealaithe lena chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021, ach chuir soláthraí an chúrsa síneadh leis mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do COVID-19

### 1.5 Íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga

Ríomhfar íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga mar 25% den mheáníocaíocht náisiúnta in aghaidh an heicteáir (bunaithe ar an uasteorainn náisiúnta) iolraithe faoin méid teidlíochtaí a chuir an t-iarratasóir rathúil i ngníomh, faoi réir an lín uasta 50 teidlíocht a bheith curtha i ngníomh, cibé acu mar dhuine aonair, grúpa, cuideachta nó comhpháirtíochtaí feirme cláraithe.

Is féidir le hiarratasóir rathúil a chuir tús le feirmeoireacht ón mbliain 2015 ar aghaidh, agus a sheolann a chéad iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar aghaidh laistigh de chúig bliana i ndiaidh tús a chur le feirmeoireacht, íocaíocht a fháil faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar feadh cúig bliana.

## 1.6 Cigireachtaí

Déanfar seiceálacha riaracháin ar iarratasóirí faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Anuas air sin, ar aon dul le ceanglais Rialála an AE, roghnófar ar a laghad 5% d'iarratasóirí le haghaidh cigireachta ar an láthair lena chinntiú go sásaítear rialacha na scéime. Lorgófar fianaise dhoiciméadach a dheimhníonn go bhfuil ceannas ag 'an feirmeoir óg' ar an ngabháltas leis/léi féin nó i gcomhar le daoine eile mar chuid den phróiseas cigireachta. Ina thaobh seo, gan aird ar cibé acu an bhfuil ceannas ar an ngabháltas leis/léi féin nó i gcomhar le daoine eile ag an bhfeirmeoir óg, is gá an ceannas bainistíochta agus airgeadais sin a léiriú. Áirítear leis seo ainm an fheirmeora óig ainm ar shonraisc agus fáltais agus ar an gcuntas bainc a úsáidtear d'idirbhearta nó gnó uile an ghabháltais.

I gcás seiceálacha riaracháin, is féidir iarraidh ar iarratasóirí bun-chruachóipeanna de cháipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar aghaidh ar mhaithe le cuspóirí fíoraithe.

Bainfidh an dá ghné seo a leanas leis an gcigireacht ar an láthair:

(i) seiceáil lena dheimhniú go bhfuil an talamh a dhearbhaítear incháilithe, agus is féidir tabhairt faoi trí chuairteanna a thabhairt ar an láthair ar an talamh nó trí Chianbhraiteacht trí úsáid a bhaint as íomhá shatailíte chothrom le dáta;

agus

(ii) seiceáil lena dheimhniú go bhfuil ceannas bainistíochta agus airgeadais ag an bhfeirmeoir óg, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le daoine eile, de réir mar a bheidh, trí chuairt a thabhairt ar an ngabháltas/na gabháltais. Anuas air sin, iarrfar orthu buncháipéisíocht a sholáthar lena thaispeáint go sásaíonn siad na riachtanais aoise agus oideachais. I gcás socrú feirmeoireachta scaireanna, caithfidh siad cóip den chomhaontú a sholáthar go ndéanfar cigireacht air.

Maidir ceannas bainistíochta, beidh ar iarratasóirí a thaispeáint go bhfuil baint ghníomhach acu san fheirm a reáchtáil agus a thaispeáint go bhfuil eolas iomlán acu ar bhainistíocht laethúil na bhfiontar uile ar an ngabháltas (i gcás Comhthréad agus Cuideachtaí san áireamh). I gcás Comhpháirtíochtaí agus socruithe Feirm Scaireanna, beidh ar iarratasóirí a léiriú go bhfuil eolas acu ar na fiontair go léir do gach uimhir thréada sa Chomhpháirtíocht/Feirm Scaireanna. B'fhéidir go mbeidh ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar i leith ceannas bainistíochta.

Beidh ar iarratasóirí freisin cáipéisíocht a sholáthar le ceannas airgeadais iomlán a léiriú (leis/léi féin nó mar chuid de ghrúpa). Is féidir fianaise i leith ceannas iomlán airgeadais a léiriú trí ráitis bhainc a sholáthar in ainm an iarratasóra, ina léirítear gach idirbheart airgeadais a bhaineann leis an bhfeirm, ar féidir crostagairt a dhéanamh eatarthu agus díolacháin/ioncaim/cáipéisíocht cheannaigh ionchuir. Seiceálfar sampla de na hidirbhearta airgeadais gnó feirme sin nuair a dhéanfar cigireacht agus is féidir iad a rianú tríd an gcuntas bainc in ainm an iarratasóra.

Nuair atá an t-iarratas bunaithe ar thalamh ar léas/ar cíos/coimíneachta nó cearta innilte, b'fhéidir go mbeidh ar an iarratasóir cáipéisíocht tionachta talún a sholáthar, cáipéisí teidil san áireamh i gcás coimíneachta agus cearta innilte, cáipéisí teidil san áireamh i gcás cearta innilte.

## 1.7 Ceannas Bainistíochta agus Airgeadais an ghabháltais ag an bhFeirmeoir Óg

Gan aird ar cibé acu an bhfuil ceannas ar an ngabháltas leis/léi féin nó i gcomhar le daoine eile ag an bhfeirmeoir óg, is gá ceannas bainistíochta agus airgeadais a léiriú. Áirítear leis seo ainm an fheirmeora óig ainm ar shonraisc agus fáltais agus ar an gcuntas bainc a úsáidtear d'idirbhearta nó gnó uile an ghabháltais.

## 1.8 Cáipéisíocht bhreise a thacaíonn le ceannas an ghabháltais ag an bhFeirmeoir Óg

Is féidir iarraidh ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sheoladh lena léiriú go sásaíonn siad an ceannas airgeadais agus bainistíochta atá riachtanach mar cheann an ghabháltais talmhaíochta mar chuid de na seiceálacha riaracháin faoin scéim. Má theipeann ar an bhfeirmeoir go sásaíonn siad an riachtanas go mbíonn ceannas aige/aici ar an ngabháltas, b'fhéidir go measfar go bhfuil an t-iarratas neamh-incháilithe.

## 1.9 Pionóis riaracháin

Ar aon dul le forálacha Airteagal 21 de Rialachán an AE 640/2014, gan dochar do na pionóis riaracháin atá infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 19, nuair a dheimhnítear nach gcomhlíonann an tairbhí na hoibleagáidí a dtagraítear dóibh in Airteagal 50(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus Airteagal 49 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014, ní dhéanfar an cúnamh d'fheirmeoirí óga a íoc nó a aistarraingt ina iomláine. Ar a bharr sin, nuair a dheimhnítear gur sholáthair an tairbhí fianaise bhréagach ar mhaithe le comhlíonadh na n-oibleagáidí a chruthú, gearrfar pionós arb ionann é agus 20% den tsuim iomlán atá ag an tairbhí, nó a bheadh aige/aici ar bhealach eile mar íocaíocht d'fheirmeoirí óga de bhun Airteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.

## Mír 2: An Cúlchiste Náisiúnta - Catagóir na bhFeirmeoirí Óga

### 2.1 Cé atá Incháilithe do Chatagóir na bhFeirmeoirí Óga den Chúlchiste Náisiúnta?

Le bheith incháilithe faoi chatagóir na bhFeirmeoirí Óga den Chúlchiste Náisiúnta, caithfidh iarratasóir na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

- ✓ Sheol sé/sí iarratas bailí ar an Scéim Buníocaíochta 2021 ar aghaidh faoi uimhir thréada inar chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas san áireamh;
- ✓ Níl sé/sí níos sine ná 40 bliain d'aois ag aon tráth i rith na bliana féilire ina seolann sé/sí iarratas ar aghaidh faoin Scéim Buníocaíochta i dtosach;
- ✓ D'éirigh leis/léi cúrsa aitheanta oideachais sa talmhaíocht a chríochnú ar bronnadh dámhachtain ar leibhéal 6 FETAC nó a chomhionann ar a chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021 (féach Mír 2.4);
- ✓ Tá ceann gabháltas talmhaíochta á dhéanamh de/di den chéad uair nó bhunaigh sé/sí gabháltas den saghas sin sna cúig bliana sular seoladh an t-iarratas ar an Scéim Buníocaíochta;
- ✓ Tá ollioncam amach ón bhfeirm aige/aici nach mó ná €40,000 i gceann de na blianta cánach 2019 nó 2020.

### 2.2 Cáilitheacht Feirmeora Óig/Feirmeoirí Óga i nGrúpa - Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta

Sa chás go dtugann feirmeoir óg faoin ngníomhaíocht feirmeoireachta mar chuid de *ghrúpa* e.g. i gcomhuimhir thréada, comhpháirtíocht feirme chláraithe nó cuideachta, measfar go mbeidh an grúpa incháilithe má shásaítear na coinníollacha seo a leanas;

- ✓ Caithfidh ar a laghad duine amháin sa ghrúpa an sainmhíniú ar Fheirmeoir Óg, faoi mar a dtugtar cuntas air i Mír 2.1 thuas, a shásamh;
- ✓ Caithfidh an Feirmeoir Óg sin ceannas éifeachtach agus fadtéarmach a fheidhmiú leis/léi féin nó i gcomhar lena chéile laistigh den ghrúpa i dtaobh cinntí a bhaineann le bainistíocht, tairbhí agus rioscaí airgeadais an ghrúpa. Léirítear an ceannas sin mar seo a leanas:
    - o tá ainm an fheirmeora óig ar an uimhir thréada.
    - o tá ainm an fheirmeora óig ar an gcuntas bainc a úsáidtear ar mhaithe le híocaíochtaí a fháil faoin scéim Buníocaíochta;
    - o **Cuideachtaí Amháin** - caithfidh gur Stiúrthóir é/í an Feirmeoir Óg agus caithfidh go bhfuil scairsheilbh ar a laghad 20% aige/aici sa Chuideachta**;**
        - ▪ Is féidir leis an Rúnaí, faoi mar a liostaítear i dtuairisceán bliantúil B1 do bhliain an iarratais Foirm Dhearbhaithe an CN/SFÓ a líonadh ina ndeimhnítear go bhfuil ceannas éifeachtach ag an bhfeirmeoir óg, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le baill eile den ghrúpa. Nuair nár shínigh an Rúnaí an fhoirm dhearbhaithe, caithfidh na stiúrthóirí go léir an fhoirm dhearbhaithe a shíniú.

- caithfidh gach duine a ghlacann páirt sa ghrúpa Foirm Dhearbhaithe an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga a líonadh ina ndeimhnítear go bhfuil ceannas éifeachtach ag an bhfeirmeoir óg, cibé acu leis/léi féin nó i gcomhar le baill eile den ghrúpa. Tá an fhoirm dhearbhaithe seo atá ar fáil le foirm iarratais na scéime agus ar láithreán gréasáin na Roinne agus caithfear é a sheoladh ar aghaidh leis an iarratas ar Scéim na bhFeirmeoirí Óga arís.

## 2.3 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta

Ag brath ar an aonán feirmeoireachta, beidh ar iarratasóirí cáipéisí áirithe a sheoladh chun tacú lena n-iarratas mar seo a leanas:

*<u>Feirmeoir Óg arb Iarratasóir Aonair é/í</u>*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nuair a chuirtear an céanna san áireamh in Aguisín A nó nuair nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, litir choibhéise ó Teagasc ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime (féach mír 2.4 thíos).

- ✓ Sa chás gurb éagsúil ainm an iarratasóra ón ainm sin ar an deimhniú oideachais, beidh cóip de dheimhniú pósta/gníomhas aonpháirtí etc. ag teastáil.

*<u>Feirmeoir Óg i nGrúpa – Comhuimhir Thréada/Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe/Cuideachta</u>*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nó litir choibhéise ó Teagasc (féach Mír 2.4 thíos);
- ✓ Teastas breithe fada an Fheirmeora Óig/na bhFeirmeoirí Óga sa ghrúpa. Sa chás gurb éagsúil ainm an iarratasóra ón ainm sin ar teastas breithe, beidh cóip de dheimhniú pósta/gníomhas aonpháirtí etc. ag teastáil;
- ✓ Nuair is éagsúil an céadainm atá ar an teastas breithe ón ainm faoina ndéantar an t-iarratas (e.g. céadainm foirmiúil in aghaidh an ainm a mbaintear úsáid choiteann as), teastaíonn soiléiriú;
- ✓ Dearbhú an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar mhaithe le ceannas éifeachtach agus fadtéarmach an Fheirmeora Óig sa ghrúpa a dheimhniú (tá Aturnae le bheith ina fhinné air agus le hé a stampáil) féach Mír 2.2 thuas;
- ✓ **Comhuimhir Thréada Amháin** - Chun tacú le maíomh an Fheirmeora Óig gurb aige/aici atá an ceannas airgeadais aonair nó comhroinnte ar an bhfiontar feirmeoireachta, caithfear cáipéisíocht a sholáthar lena dheimhniú go bhfuil ainmneacha gach duine san Uimhir Thréada, ainm(neacha) an Fheirmeora Óig san áireamh, ar an gcuntas bainc a n-eisítear íocaíochtaí ón Roinn dó, e.g. ráiteas bainc, litir ón mbanc, etc.
- ✓ **Cuideachta Amháin –** cáipéisíocht a thacaíonn leis an maíomh gur Stiúrthóir é/í an Feirmeoir Óg agus go bhfuil scairsheilbh ar a laghad 20% aige/aici sa Chuideachta.

Tabhair faoi deara, le do thoil, b'fhéidir go mbeidh gá le cáipéisíocht bhreise a iarraidh ó iarratasóirí nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil.

## 2.4 Riachtanais Cháilíocht Oideachais – Catagóir Fheirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta

Chun go measfar go bhfuil tú incháilithe faoi Scéim Feirmeoirí Óga an Chúlchiste Náisiúnta, caithfidh gur éirigh le hiarratasóir cúrsa oideachais talmhaíochta a chríochnú ar Leibhéal 6 FETAC, nó a chomhionann, faoin 17 Bealtaine 2021 agus caithfidh siad cóip den cháilíocht seo/litir choibhéise Teagasc a sheoladh ar aghaidh chun tacú lena n-iarratas.

Leagtar liosta de chúrsaí a nglactar leo amach in Aguisín A. Sa chás nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, caithfear litir choibhéise ó Teagasc a sheoladh ar aghaidh ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime.

Nuair a chríochnaigh iarratasóir an cúrsa faoin 17 Bealtaine 2021 ach mura bhfuair sé/sí deimhniúchán deiridh, seol Foirm um Dheimhniú Oideachais, le do thoil, atá ar fáil lena híoslódáil ar an áis iarratais ar líne agus ar láithreán gréasáin na Roinne. Ba cheart leagan B den fhoirm seo a sheoladh nuair a bhí an cúrsa sceidealaithe lena chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021, ach chuir soláthraí an chúrsa síneadh leis mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do COVID-19

## 2.5 An Cúlchiste Náisiúnta – Ioncam Amach ón bhFeirm

Beidh teorainn ollioncaim €40,000 amach ón bhfeirm i bhfeidhm ar iarratasóirí ar an gCúlchiste Náisiúnta. Is féidir le hiarratasóirí a roghnú bliain chánach iomlán 2019 nó 2020 a úsáid, pé ceann is mó a chruthaíonn buntáiste don iarratasóir, ar an gcuspóir seo.

Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe faoi thairseach na teorann ioncaim, beidh ar iarratasóirí cáipéisíocht tacaíochta a sheoladh, faoi mar a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, nó a chomhionann má tuilleadh ioncam i ndlínse eile, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó:

- ✓ **Achoimre ar Shonraí Fostaíochta / P21** / **Foirm 11**

Tá íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Réamhscoir, Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Máithreachais, Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach inríofa mar ioncam amach ón bhfeirm. Caithfidh iarratasóirí ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a sholáthar ina leagtar amach sonraí faoi na híocaíochtaí siúd nó ina ndeimhnítear nach bhfuarthas aon íocaíochtaí den saghas sin. Ina thaobh seo, is féidir le hiarratasóirí na ráitis siúd a ghiniúint ón áis mywelfare.ie a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil nuair a chláraíonn siad do Chárta Seirbhísí Poiblí. Tá sonraí faoin bpróiseas iarratais ar Chárta Seirbhísí Poiblí ar fáil ar www.mywelfare.ie

I gcás na n-iarratasóirí siúd atá ag feirmeoireacht mar chuid de ghrúpa nó mar Chuideachta, deimhnítear ioncam amach ón bhfeirm ar na bealaí seo a leanas:

- ✓ **Comhuimhir Thréada** – ollioncam gach baill den ghrúpa amach ón bhfeirm san áireamh (bíonn an teorainn €40,000 i bhfeidhm ar an ngrúpa);
- ✓ **Cuideachta** – cuirtear ollioncam na Stiúrthóirí amach ón bhfeirm san áireamh;
- ✓ **Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe** – cuirtear ollioncam gach rannpháirtí den uimhir thréada amach ón bhfeirm lena mbaineann an Feirmeoir Óg/na Feirmeoirí Óga san áireamh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nuair a bhíonn ollioncam an iarratasóra amach ón bhfeirm á dheimhniú, déanfar breithniú ar bhliain chánach iomlán 2019 nó 2020 agus beidh ar an iarratasóir cáipéisíocht tacaíochta a sholáthar chun an tréimhse iomlán a chumhdach, i.e. tréimhse 52 seachtain.

B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach cáipéisíocht bhreise a iarraidh ó iarratasóirí leis an ollioncam iomlán amach ón bhfeirm a thuill an t-iarratasóir do bhliain chánach iomlán 2019 nó 2020 a dheimhniú. D'fhéadfadh cáipéisíocht bhreise, seachas an cháipéisíocht a leagtar amach thuas, a bheith i gceist leis an gcáipéisíocht sin. Cuirtear na tairseacha ollioncaim amach ón bhfeirm i bhfeidhm ar ioncam a tuilleadh in Éirinn nó in aon dlínse eile.

# Mír 3: An Cúlchiste Náisiúnta – Catagóir Iontrálaí Nua

## 3.1 Cé atá Incháilithe do Chatagóir Iontrálaí Nua an Chúlchiste Náisiúnta?

Is é an sainmhíniú a thugtar ar **"Iontrálaí Nua"**:

- ✓ Sheol sé/sí iarratas bailí ar an Scéim Buníocaíochta 2021 ar aghaidh faoi uimhir thréada inar chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas san áireamh;
- ✓ Caithfidh gur thosaigh sé/sí an ghníomhaíocht talmhaíochta atá á déanamh faoi láthair i mbliain féilire 2019 nó in aon bhliain ina dhiaidh sin;
- ✓ Ní raibh sé/sí ag tabhairt faoi aon ghníomhaíocht talmhaíochta ina (h)ainm féin agus ar a p(h)riacal féin sa tréimhse cúig bliana sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht talmhaíochta atá á déanamh faoi láthair;
- ✓ D'éirigh leis/léi cúrsa aitheanta oideachais sa talmhaíocht a chríochnú ar bronnadh dámhachtain ar leibhéal 6 FETAC nó a chomhionann ar a chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021 (féach Mír 3.3);
- ✓ Tá ollioncam amach ón bhfeirm aige/aici nach mó ná €40,000 i gceann de na blianta cánach 2019 nó 2020.

Nuair a bhíonn uimhir thréada a chláraítear thar ceann grúpa i gceist faoin gcatagóir 'iontrálaí nua', caithfidh gach duine atá i gceannas ar an ngrúpa gach coinníoll den chatagóir 'iontrálaí nua' a shásamh, seachas an riachtanas oideachais.

Caithfidh gur éirigh le duine amháin ar a laghad de na daoine atá i gceannas ar an ngrúpa cúrsa aitheanta oideachais sa talmhaíocht a chríochnú ar bronnadh dámhachtain ar leibhéal 6 FETAC nó a chomhionann ar a chríochnú. I gcás grúpa a chuireann tús lena ghníomhaíocht talmhaíochta in 2019 nó ina dhiaidh sin, caithfidh nár thug gach duine atá i gceannas ar an ngrúpa sin faoi aon ghníomhaíocht talmhaíochta ina n-ainm féin agus ar a bpriacal féin, nó caithfidh nach raibh ceannas acu ar aonán dlíthiúil eile a bhí ag tabhairt faoin ngníomhaíocht talmhaíochta sin, sna cúig bliana sular cuireadh tús le gníomhaíocht talmhaíochta an iarratasóra.

## 3.2 Cáipéisí a Theastaíonn chun Tacú le hIarratas – Catagóir na nIontrálaithe Nua

Ag brath ar an aonán feirmeoireachta, beidh ar iarratasóirí cáipéisí áirithe a sheoladh chun tacú lena n-iarratas mar seo a leanas:

*Iarratasóir Iontrálaí Nua Aonair*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nuair a chuirtear an céanna san áireamh in Aguisín A nó nuair nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, litir choibhéise ó Teagasc ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime (féach mír 3.3 thíos).

- ✓ Sa chás gurb éagsúil ainm an iarratasóra ón ainm sin ar an deimhniú oideachais, beidh cóip de dheimhniú pósta/gníomhas aonpháirtí etc. ag teastáil.

*Iontrálaí Nua i nGrúpa – Comhuimhir Thréada/Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe/Cuideachta*

- ✓ Cóip den Cháilíocht Oideachais nó litir choibhéise ó Teagasc (féach Mír 3.3 thíos);
- ✓ **Cuideachta Amháin –** cáipéisíocht a thacaíonn leis an maíomh gur Stiúrthóir é/í an Feirmeoir Óg agus go bhfuil scairsheilbh ar a laghad 20% aige/aici sa Chuideachta;

Gearrfar pionóis ar iarratais nach ngabhann an cháipéisíocht tacaíochta riachtanach leo faoin dáta deiridh agus measfar go mbeidh siad neamh-inghlactha i ndiaidh 25 lá féilire.

Tabhair faoi deara, le do thoil, b'fhéidir go mbeidh gá le cáipéisíocht bhreise a iarraidh ó iarratasóirí nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil.

## 3.3 Riachtanais maidir le Cáilíocht Oideachais – Catagóir Iontrálaí Nua an Chúlchiste Náisiúnta

Chun go measfar go bhfuil tú incháilithe faoi chatagóir Iontrálaí Nua an Chúlchiste Náisiúnta, caithfidh gur éirigh le hiarratasóir cúrsa oideachais talmhaíochta a chríochnú ar Leibhéal 6 FETAC, nó a chomhionann, faoin 17 Bealtaine 2021 agus caithfidh siad cóip den cháilíocht seo/litir choibhéise Teagasc a sheoladh ar aghaidh chun tacú lena n-iarratas.

Leagtar liosta de chúrsaí a nglactar leo amach in Aguisín A. Sa chás nach gcuirtear an cháilíocht san áireamh in Aguisín A, caithfear litir choibhéise ó Teagasc a sheoladh ar aghaidh ina ndeimhnítear go sásaíonn an cháilíocht oideachais a bhain an t-iarratasóir amach riachtanais na scéime.

Nuair a chríochnaigh iarratasóir an cúrsa faoin 17 Bealtaine 2021 ach mura bhfuair sé/sí deimhniúchán deiridh, seol Foirm um Dheimhniú Oideachais, le do thoil, atá ar fáil lena híoslódáil ar an áis iarratais ar líne agus ar láithreán gréasáin na Roinne. Ba cheart leagan B den fhoirm seo a sheoladh nuair a bhí an cúrsa sceidealaithe lena chríochnú faoin 17 Bealtaine 2021, ach chuir soláthraí an chúrsa síneadh leis mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt do COVID-19

## 3.4 An Cúlchiste Náisiúnta – Ioncam Amach ón bhFeirm

Beidh teorainn ollioncaim €40,000 amach ón bhfeirm i bhfeidhm ar iarratasóirí ar an gCúlchiste Náisiúnta. Is féidir le hiarratasóirí a roghnú bliain chánach iomlán 2019 nó 2020 a úsáid, pé ceann is mó a chruthaíonn buntáiste don iarratasóir, ar an gcuspóir seo.

Lena thaispeáint go bhfuil tú cáilithe faoi thairseach na teorann ioncaim, beidh ar iarratasóirí cáipéisíocht tacaíochta a sheoladh, faoi mar a sholáthraíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, nó a chomhionann má tuilleadh ioncam i ndlínse eile, an méid seo a leanas ina measc ach gan bheith teoranta dó:

- ✓ **Achoimre ar Shonraí Fostaíochta / P21 / Foirm 11**

Tá íocaíochtaí áirithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí, Liúntas Cuardaitheora Poist, Sochar Cuardaitheora Poist, Liúntas Réamhscoir, Liúntas Leasa Forlíontach, Sochar Máithreachais, Sochar Cuardaitheora Poist agus Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach inríofa mar ioncam amach ón bhfeirm. Caithfidh iarratasóirí ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a sholáthar ina leagtar amach sonraí faoi na híocaíochtaí siúd nó ina

ndeimhnítear nach bhfuarthas aon íocaíochtaí den saghas sin. Ina thaobh seo, is féidir le hiarratasóirí na ráitis siúd a ghiniúint ón áis mywelfare.ie a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil nuair a chláraíonn siad do Chárta Seirbhísí Poiblí. Tá sonraí faoin bpróiseas iarratais ar Chárta Seirbhísí Poiblí ar fáil ar [www.mywelfare.ie](http://www.mywelfare.ie)

I gcás na n-iarratasóirí siúd atá ag feirmeoireacht mar chuid de ghrúpa nó mar Chuideachta, deimhnítear ioncam amach ón bhfeirm ar na bealaí seo a leanas:

- ✓ **Comhuimhir Thréada** – cuirtear ollioncam gach baill den ghrúpa amach ón bhfeirm san áireamh (bíonn an teorainn €40,000 i bhfeidhm ar an ngrúpa);
- ✓ **Cuideachta** – cuirtear ollioncam na Cuideachta amach ón bhfeirm (nuair a bunaíodh an Chuideachta sa bhliain chánach ábhartha) agus ollioncam na Stiúrthóirí amach ón bhfeirm san áireamh
- ✓ **Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe** – cuirtear ioncam na rannpháirtithe iontrálaí nua go léir amach ón bhfeirm san áireamh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nuair a bhíonn ollioncam an iarratasóra amach ón bhfeirm á dheimhniú, déanfar breithniú ar bhliain chánach iomlán 2019 nó 2020 agus beidh ar an iarratasóir cáipéisíocht tacaíochta a sholáthar chun an tréimhse iomlán a chumhdach, i.e. tréimhse 52 seachtain.

B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach cáipéisíocht bhreise a iarraidh ó iarratasóirí leis an ollioncam iomlán amach ón bhfeirm a thuill an t-iarratasóir do bhliain chánach iomlán 2019 nó 2020 a dheimhniú. D'fhéadfadh cáipéisíocht bhreise, seachas an cháipéisíocht a leagtar amach thuas, a bheith i gceist leis an gcáipéisíocht sin. Cuirtear na tairseacha ollioncaim amach ón bhfeirm i bhfeidhm ar ioncam a tuilleadh in Éirinn nó in aon dlínse eile.

# <u>Mír 4:</u> <u>An Cúlchiste Náisiúnta – Leithdháiltí</u>

## 4.1 Leithdháileadh/Breisiú ar Luach Teidlíochtaí ón gCúlchiste Náisiúnta

Beidh iarratasóirí rathúla faoin gCúlchiste Náisiúnta incháilithe leithdháileadh teidlíochtaí a fháil ar thalamh nach bhfuil aon teidlíochtaí acu dó agus/nó breisiú a fháil aníos go dtí luach na dteidlíochtaí atá acu faoi láthair, nuair a bhíonn luach ar na teidlíochtaí siúd atá faoi bhun Mheánluach Náisiúnta an Chúlchiste Náisiúnta. Cuirfear líon uasta teidlíochtaí/breisithe a leithdháiltear in aghaidh an iarratasóra i bhfeidhm faoin gCúlchiste Náisiúnta agus braithfidh sé ar an líon iarratas a fhaightear. Déanfar teidlíochtaí nua a leithdháileadh ar bhunús teidlíocht amháin do heicteár amháin de thalamh incháilithe a dhearbhaítear ar an iarratas ar an Scéim Buníocaíochta nach bhfuil aon teidlíochtaí ag an iarratasóir/na hiarratasóirí dó.

Íocfar breisiú le hiarratasóirí rathúla a bhfuil teidlíochtaí acu cheana féin ar a bhfuil luach faoi bhun mheánluach náisiúnta an Chúlchiste Náisiúnta, ina ndéanfar luach na dteidlíochtaí siúd a mhéadú aníos go dtí an meánluach náisiúnta.

Cáileofar iarratasóirí rathúla a bhfuil teidlíochtaí ar léas acu ar a bhfuil luach faoi bhun mheánluach an Chúlchiste Náisiúnta do bhreisiú ar luach na dteidlíochtaí seo ar léas. Leanfar le breisiú ar luach reatha teidlíochtaí íseal-luacha a íoc ar feadh fhad an léasa.

Tabhair faoi deara, le do thoil, i gcás Comhpháirtíocht Feirme Chláraithe, ní leithdháilfear teidlíochtaí do agus/nó breisiú ar luach teidlíochtaí ach ar an uimhir thréada ar a n-ainmnítear an Feirmeoir Óg/na Feirmeoirí Óga laistigh den Chomhpháirtíocht Feirme Chláraithe. Ní bhíonn tairseacha iolracha leithdháilte i gceist nuair a bhíonn uimhreacha tréada iolracha i gceist, ina bhfuil breis agus feirmeoir óg amháin, laistigh den Chomhpháirtíocht Feirme Chláraithe.

## 4.2 Luach Theidlíochtaí an Chúlchiste Náisiúnta Faoi Láthair agus Amach Anseo.

Socrófar luach teidlíochtaí a leithdháiltear ón gCúlchiste Náisiúnta, agus an luach ar a méadaítear teidlíochtaí reatha, ar mheánluach náisiúnta an Chúlchiste Náisiúnta i mbliain an leithdháilte agus déanfar mionathruithe bliantúla orthu.

# **Mír 5: Coinníollacha Ginearálta**

## 5.1 Iarratais

Caithfear iarratais agus cáipéisíocht tacaíochta don Chúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga a sheoladh ar líne.

Nuair atá aitheantóir na Roinne (Uimhir thréada/uimhir Chomhpháirtíocht Feirme Chláraithe) cláraithe in ainmneacha iolracha, meastar gur seoladh iarratais ar aghaidh, ina luaitear an t-aitheantóir sin, le toiliú gach úinéara chláraithe, e.g. sna cásanna seo a leanas:

- ✓ nuair atá aitheantóir na Roinne cláraithe i mbreis agus amháin ainm, i.e. Comhuimhir thréada,
- ✓ i gcás comhpháirtíochtaí feirme cláraithe, le toiliú gach Comhpháirtí,
- ✓ i gcás Cuideachtaí, le toiliú na Stiúrthóirí Cuideachta.

Nuair is mian le comhpháirtíocht feirme chláraithe iarratas a sheoladh ar aghaidh ar an gCúlchiste Náisiúnta nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga, caithfear an t-iarratas a sheoladh ar aghaidh agus úsáid á baint as uimhir na comhpháirtíochta feirme cláraithe a shainigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá ar iarratasóirí, ar athraíodh an clárú don uimhir thréada dóibh do bhliain na Scéime nua agus a bheartaíonn iarratas a dhéanamh ar rannpháirtíocht leanúnach i Scéim na bhFeirmeoirí Óga, iarratas nua a sheoladh ar aghaidh ar líne trí iNet.

## 5.2 Comhfhreagras ón Roinn

Déanfaidh an Roinn an comhfhreagras go léir a bhaineann le hiarratas ar líne trí iNet. Seolfar teachtaireacht téacs chuig an iarratasóir lena chur in iúl dóibh go bhfuil comhfhreagras ón Roinn ar fáil ar iNet. Gheobhaidh an Gníomhaire Talmhaíochta atá cláraithe don iarratasóir fógra freisin ar ríomhphost lena dheimhniú go bhfuil comhfhreagras ar fáil in iNet maidir lena c(h)liant.

## 5.3 Freagracht an Iarratasóra agus/nó an Ghníomhaire

Ní ghlacfaidh an Roinn agus/nó a hoifigigh le haon fhreagracht as earráidí nó easnaimh atá in iarratas ar na Scéimeanna seo nó in aon cháipéisíocht tacaíochta a theastaíonn.

Tá an fhreagracht ar iarratasóirí cur amach a bheith acu ar Théarmaí agus Coinníollacha na scéimeanna seo agus lena chinntiú go seoltar iarratais ar aghaidh ina n-iomláine agus in am.

Cuirfidh iarratasóirí an Roinn ar an eolas láithreach ar aon athrú a thagann ar an iarratasóir/an t-aonán feirmeoireachta a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar ar c(h)áilitheacht don scéim ar cuireadh isteach uirthi. Má theipeann orthu sin a dhéanamh, d’fhéadfaí leithdháiltí an Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga a fhorchúiteamh má dheimhnítear ina dhiaidh sin go raibh an t-iarratasóir neamh-incháilithe mar gheall ar an athrú sin.

## 5.4 Iarratas a Seoladh ar Aghaidh a Leasú

Ní bheidh iarratasóirí in ann iarratais a leasú i ndiaidh gur seoladh ar aghaidh iad, seachas nuair a bhíonn cáipéisíocht tacaíochta riachtanach á huaslódáil a fhad leis an 11 Meitheamh 2021. Ar an gcúis seo, moltar d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil an t-iarratas líonta go hiomlán agus go cruinn sula seoltar ar aghaidh é.

## 5.5 Iarratais Iolracha

Ní féidir le hiarratasóirí tairbhe a bhaint ach uair amháin faoi Scéim Buníocaíochta an Chúlchiste Náisiúnta. Ar an ábhar sin, ní bheidh iarratasóir ar éirigh lena n-iarratas faoi Scéim Buníocaíochta an Chúlchiste Náisiúnta roimhe seo in ann tairbhe a bhaint as Cúlchiste Náisiúnta 2021. Anuas air sin, má éiríonn leis an iarratas a dhéantar faoi Chúlchiste Náisiúnta 2021, ní dhéanfar breithniú ar iarratais a dhéanfaidh an t-iarratasóir amach anseo le haghaidh leithdháilte.

## 5.6 Pionóis ar Chionta Coiriúla

Beidh tréimhse 25 lá féilire ann i ndiaidh an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais dhéanacha. Gearrfar pionós céatadáin sheasta, áfach, ar gach lá oibre a fhaightear an t-iarratas i ndiaidh an dáta deiridh i rith na tréimhse seo. I gcás an Chúlchiste Náisiúnta, is ionann a bheidh an pionós céatadáin sheasta a ghearrfar agus 3%, agus 1% i gcás Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Tabhair faoi deara, le do thoil, go ngearrtar pionóis sa dá chás ar íocaíochtaí a dhéantar mar gheall go ndearnadh iarratas rathúil ar an scéim atá i gceist, seachas laghdú buan ar líon/luach na dteidlíochtaí.

Tabhair faoi deara, le do thoil, déantar breithniú ar iarratais ina n-iomláine.

Seachas i gcásanna force majeure, faoi mar a shainítear i gcomhréir le Rialacháin ábhartha an AE, beidh iarratais neamh-inghlactha i ndiaidh gur tháinig deireadh leis an tréimhse 25 lá féilire seo.

## 5.7 Faomhadh a Aistarraingt

Is féidir faomhadh faoi na scéimeanna seo a aistarraingt má theipeann ar an iarratasóir cloí le téarmaí agus coinníollacha na Scéime nó i gcás go dtagann aon athrú ábhartha ar chúinsí an iarratasóra nó an ghnólachta feirme nó ar aon bhealach eile, a thiocfadh salach ar théarmaí nó coinníollacha na Scéime(anna). Sa chás sin, déanfar aon leithdháileadh ón gCúlchiste Náisiúnta, aon airgead a íocadh ar na teidlíochtaí siúd agus/nó aon airgead a íocadh faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga a fhorchúiteamh.

## 5.8 Teidlíochtaí a Leithdháileadh go Mícheart a Aisghabháil

I gcomhréir le Rialachán na Comhairle (AE) 1306/2013, nuair a dheimhnítear go ndearna an Cúlchiste Náisiúnta líon mícheart teidlíochtaí a leithdháileadh ar iarratasóir, aistreofar na teidlíochtaí siúd a leithdháileadh go mícheart chuig an gCúlchiste Náisiúnta.

## 5.9 Clásal Seachanta

I gcomhréir le Rialachán na Comhairle (AE) 1306/2013, ní eiseofar aon leithdháileadh teidlíochtaí, breisiú ar luach teidlíochtaí nó íocaíocht Scéim na bhFeirmeoirí Óga d'iarratasóirí nuair a dheimhnítear gur chruthaigh siad na coinníollacha go saorga a theastaíonn chun an leithdháileadh/an breisiú/an íocaíocht sin a fháil ag féachaint le buntáiste a bhaint amach in aghaidh chuspóirí an Chúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na

bhFeirmeoirí Óga. Sampla amháin de sheachaint ná teidlíochtaí reatha a bhaint ó thalamh ar mhaithe le ‘talamh lom’ a chruthú ar ar féidir leithdháileadh ón gCúlchiste Náisiúnta a dhéanamh.

## 5.10 Athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí agus Coinníollacha/Nósanna Imeachta

Tá an ceart ar cosaint ag an Aire téarmaí agus coinníollacha agus nósanna imeachta na Scéimeanna a athrú ag aon tráth. Beidh cinneadh an Aire ar aon cheist a bhaineann leis na scéimeanna seo críochnaitheach.

## 5.11 Ionstraim Reachtúil – Bréagdhearbhuithe

Chuir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Rialacháin i bhfeidhm, a dhéanfaidh cion de má dhéanann iarratasóir bréagdhearbhú go feasach. Is cion freisin é má chabhraíonn duine le hiarratasóir cion a dhéanamh faoi na Rialacháin. Ba cheart go mbeadh cur amach ag iarratasóirí ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Tacaíochta Dírí) um Chionta agus Rialuithe I.R. Uimh. 169 de 2016.

## 5.12 Sonraí Teagmhála

Is féidir fiosrúcháin maidir le Scéim na bhFeirmeoirí Óga nó an Cúlchiste Náisiúnta a dhéanamh trí ghlaoch ar Ghlaoch Áitiúil **057 867442.**

Mar rogha air sin, is féidir ceisteanna a sheoladh ar ríomhphost chuig **NationalReserveYFS@agriculture.gov.ie**

# Mír 6: Cosaint Sonraí

## 6.1 Rialaitheoir Sonraí

Chun críocha Rialachán Ginearálta an AE um Chosaint Sonraí (an RGCS), is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM) an Rialaitheoir Sonraí.

## 6.2 An tOifigeach Cosanta Sonraí

Seo a leanas Sonraí Teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí an RTBM:

An tOifigeach Cosanta Sonraí
An tAonad um Chosaint Sonraí
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Páirc Ghnó Grattan
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Port Laoise
Contae Laoise
R32 RY6V

Guthán: 057 8694301 R-phost: dataprotectionofficer@agriculture.gov.ie

## 6.3 Bunús dlí agus cuspóir na próiseála

Cuirtear an Cúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga i bhfeidhm de bhun Rialachán an AE 1307/2013 agus déanann an RTBM iad a oibriú.

## 6.4 Úsáid sonraí atá á gcoimeád ag an RTBM

Nuair a bhíonn an t-iarratas á phróiseáil faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga, is féidir leis an RTBM sonraí a úsáid a choimeádtar laistigh den RTBM a theastaíonn don chuspóir céanna chun an t-iarratas agus/nó cáilitheacht faoin Scéim a phróiseáil, a thástáil, a mheasúnú nó a fhíorú. Is féidir na sonraí a seoladh ar aghaidh a roinnt laistigh den RTBM nuair a d'fhéadfadh na sonraí seo tacú le hiarratas a dhéanann an t-ábhar sonraí (an t-iarratasóir) i limistéar eile an RTBM. Sholáthair an t-ábhar sonraí sonraí agus baintear úsáid as na sonraí seo chun nach gá don ábhar sonraí na sonraí a sheoladh ar aghaidh arís agus ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin chun próiseáil phras iarratas ar íocaíocht a éascú.

Áirítear leis na sonraí siúd:

- Sonraí a chuir an t-ábhar sonraí ar fáil ag tráth an iarratais ar uimhir thréada nó chun uimhir thréada a leasú;
- Sonraí a seoladh ar aghaidh mar chuid d'iarratas faoin Scéim Bunícocaíochta nó scéimeanna gaolmhara;
- Sonraí a bhaineann le teidlíochtaí íocaíochta atá á gcoimeád ag an ábhar sonraí nó iarratais chun teidlíochtaí íocaíochta a aistriú;
- Sonraí faoi dháileacht talún;
- Sonraí faoi ainmhithe a coimeádadh, a aistríodh nó a tástáladh;
- Seoladh sonraí Cuntas Bainc ar aghaidh chun íocaíochtaí an RTBM a fháil agus íocaíochtaí a rinneadh;
- Rinne an t-ábhar sonraí Sainchomhairleoir Talmhaíochta nó Seirbhís Chomhairleach a údarú chun gníomhú thar a gceann;

- Cigireachtaí agus torthaí.

## 6.5 Úsáid sonraí a fuarthas ó fhoinse sheachtrach

Nuair a bhíonn an t-iarratas á phróiseáil faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga, is féidir leis an RTBM sonraí a úsáid a fuarthas ó fhoinse sheachtrach a theastaíonn don chuspóir céanna chun an t-iarratas agus/nó cáilitheacht faoin Scéim a phróiseáil, a thástáil, a mheasúnú nó a fhíorú. I dtaobh an Chúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga, úsáidtear sonraí a fuarthas ó fhoinse sheachtrach nuair a bhíonn sonraí faoi chúrsa oideachais talmhaíochta á bhfíorú leis an soláthraí ábhartha cúrsa oideachais.

***Soláthraí Cúrsa Oideachais***

Beidh sonraí curtha ar fáil ag an ábhar sonraí don RTBM maidir leis an soláthraí cúrsa oideachais talmhaíochta ina bhfuil an t-ábhar sonraí cláraithe faoi láthair nó sa chás nár chríochnaigh siad a gcúrsa oideachais talmhaíochta nuair is riachtanas cáilitheachta an cúrsa sin i dtaobh rannpháirtíocht leanúnach i Scéim na bhFeirmeoirí Óga. Déanfaidh an RTBM sonraí a chuir an t-ábhar sonraí ar fáil a mhalartú leis an soláthraí cúrsa oideachais chun cáilitheacht leanúnach faoin scéim a fhíorú. Tá Comhaontú Roinnte Sonraí i bhfeidhm idir an RTBM agus an soláthraí cúrsa oideachais chun malartú sonraí a rialú. Baintear an t-údarás chun sonraí a mhalartú le cáilíochtaí oideachais a dheimhniú ó Rialachán an AE 1307/2013.

## 6.6 An Tréimhse ina Stóráiltear Sonraí

Coimeádfaidh an RTBM na sonraí a seoladh ar aghaidh chun tacú leis an iarratas a rinne an t-ábhar sonraí faoin gCúlchiste Náisiúnta agus/nó Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar feadh tréimhse ama a chinnfidh an RTBM, bunaithe ar riachtanais ghnó agus scriosfar na sonraí le himeacht ama, ach ní scriosfar iad sula dtiocfaidh bearta athchóirithe i bhfeidhm i ndiaidh an Chomhbheartais Talmhaíochta 2020.

## 6.7 Ceart rochtana, ceartú, scriosadh, srianadh, cur in aghaidh próiseála, iniomparthacht.

Tá an ceart ag an ábhar sonraí (an t-iarratasóir) chun rochtain a iarraidh ón RTBM ar shonraí pearsanta agus go gceartaítear nó go scriostar sonraí pearsanta nó go gcuirtear srian le próiseáil a bhaineann leis an ábhar sonraí nó chun agóid a dhéanamh le próiseáil, chomh maith leis an gceart chun iniomparthachta sonraí Nuair a iarrann an t-ábhar sonraí, áfach, ar an RTBM sonraí pearsanta a cheartú nó a scriosadh a theastaíonn chun iarratas a phróiseáil nó go gcuireann an RTBM srian ar an bpróiseáil a bhaineann leis an ábhar sonraí a theastaíonn chun iarratas a phróiseáil, ní féidir an t-iarratas a phróiseáil. Tá ar an RTBM freisin sonraí a choimeád nuair a theastaíonn na sonraí seo ar mhaithe le hIniúchtaí a dhéanann an RTBM nó Coimisiún an AE a údarú.

Is féidir teacht ar shonraí breise ar chearta um Chosaint Sonraí an duine aonair ar an leathanach um Chosaint Sonraí ar láithreán gréasáin na Roinne ag gov.ie - Cosaint Sonraí (www.gov.ie).

## 6.8 Próiseáil Bhreise ar Shonraí Pearsanta

B’fhéidir gur mian leis an RTBM sonraí a úsáid a sholáthair an t-ábhar sonraí faoin gCúlchiste Náisiúnta agus faoi Scéim na bhFeirmeoirí Óga ar mhaithe le cuspóirí staitistiúla, taighde nó anailíse. Ní luafar aon ainm (déanfar ainmneacha a cheilt) sna sonraí a úsáidtear ar na cuspóirí siúd chun slándáil agus rúndacht na sonraí a chosaint i gcomhlíonadh na reachtaíochta um Chosaint Sonraí atá i bhfeidhm. D’fhéadfadh úsáid

na sonraí siúd ar chuspóirí staitistiúla, taighde nó anailíse an Roinn a éascú chun eolas a chur ar fáil do chinntí beartais agus idirbheartaíocht a dhéanamh faoin CBT ar mhaithe le feirmeoirí Éireannacha agus earnáil talmhaíochta na hÉireann.

Tá dualgas faoin dlí ar an RTBM, chomh maith, chun eolas a sholáthar a bhaineann le hiarratasóirí mar fhreagairt d'iarrataí a fuarthas ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána, agus comhlachtaí eile, i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. In go leor cásanna, bíonn cumhachtaí ag an gcomhlacht a iarrann na sonraí faoin reachtaíocht rialaithe féin na hiarrataí siúd a dhéanamh ar eolas. Má fhaigheann an Roinn aon eolas a gcreideann sí, dá bharr, go bhféadfadh go ndearnadh cion coiriúil, úsáidfidh sí na sonraí go léir atá ar fáil, sonraí pearsanta san áireamh, chun aon imscrúdú agus/nó aon ionchúiseamh riachtanach a dhéanamh, faoi mar a fhoráiltear faoi théarmaí na Treorach maidir le Forfheidhmiú an Dlí (AE 2016/680).

Ní aistreofar aon sonraí pearsanta a seoladh faoin gCúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga lasmuigh den Aontas Eorpach.

### 6.9 Ceart chun Gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí

Tá an ceart ag an ábhar sonraí gearán a dhéanamh le:

An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Teach na Canála
Bóthair an Stáisiúin
Cúl an tSúdaire
Contae Laoise
R32 AP23

Guthán: 0761 104800 R-phost: info@dataprotection.ie

### 6.10 Riachtanas chun sonraí pearsanta a sheoladh

Cuirtear an Cúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga i bhfeidhm de bhun Rialachán an AE 1307/2013. Teastaíonn na sonraí pearsanta a lorgaítear ón ábhar sonraí ar mhaithe le hiarratas faoi na scéimeanna seo a phróiseáil, agus ar mhaithe le tástáil a dhéanamh ar na sonraí freisin. Má theipeann ort na sonraí pearsanta go léir a sholáthar a theastaíonn chun an t-iarratas a phróiseáil faoin scéim, ní bheidh an RTBM ábalta an t-iarratas a phróiseáil.

### 6.11 Cinnteoireacht Uathoibrithe

Is féidir cinnteoireacht uathoibrithe a úsáid ar mhaithe le hiarratais a roghnú ar chigireacht i gcomhréir le Rialacháin an AE 1306/2013 agus 809/2014.

### 6.12 Eolas Breise maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí

Tá eolas breise maidir le hoibriú an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus ar Chosaint Sonraí sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag gov.ie - Cosaint Sonraí (www.gov.ie)

### 6.13 Eolas Teicniúil ar shonraí a bailíodh

Tá eolas teicniúil ar na fianáin a úsáidtear ar láithreán gréasáin na Roinne ar fáil ag an nasc seo a leanas: gov.ie - Beartas príobháideachais (www.gov.ie)

### 6.14 Sonraí Íocaíochta/Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise a Fhoilsiú

I gcomhréir le Rialachán 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí tairbhithe cistithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (an CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), tá oibleagáid dhlíthiúil ar Bhallstáit tairbhithe a chur ar an eolas go gcuirfear a sonraí ar fáil go poiblí agus gur féidir le comhlachtaí imscrúdaithe an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát na sonraí a phróiseáil ar mhaithe le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Caithfidh Ballstáit tairbhithe a chur ar an eolas freisin ar a gcearta faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus ar na nósanna imeachta infheidhme chun na rialacha siúd a chur i bhfeidhm.

Ba cheart duit bheith ar an eolas go gcuirfear an t-eolas go léir a chuirtear ar fáil ar d'fhoirm iarratais agus in aon cháipéisíocht tacaíochta ar fáil d'aon Roinn nó Gníomhaireacht nó Údarás Áitiúil eile chun iniúchtaí, rialuithe Traschomhlíonta, rialuithe a bhaineann leis an reachtaíocht a bhuntacaíonn le Traschomhlíonadh agus gach beart um Fhorbairt Tuaithe a dhéanamh, agus, faoi mar is cuí, i gcomhréir leis an ceanglais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Leagtar amach cearta ábhair shonraí agus conas is féidir iad a chleachtadh, ina leith seo, faoi láthair sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, ó 1988 go 2018. Ceanglas de dhlí an AE é go bhfoilsítear sonraí íocaíochta. Is féidir le comhlachtaí iniúchóireachta agus imscrúdaithe na gComhphobal agus na mBallstát na sonraí atá iontu a phróiseáil ar mhaithe le leasanna airgeadais na gComhphobal a chosaint. Ní féidir na sonraí atá iontu a úsáid ar mhaithe le margaíocht dhíreach ná cuspóirí eile agus luafar é seo go soiléir ar an láithreán gréasáin.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus aon fhiosrúchán, caitear le gach gné d'iarratasóirí agus den chéanna a phróiseáil, a mhéid go ndéanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara nó an eagraíocht fostaithe bainistiú orthu, faoi rún daingean agus ní nochtar iad do dhuine ar bith seachas iad siúd a bhaineann go díreach leis an bpróiseas.

# Aguisín A: Cáilíochtaí Oideachais

| **Teidil Dámhachtana Oideachais ar chomhionann le Leibhéal a Sé FETAC/DCCÉ ar mhaithe leis an gCúlchiste Náisiúnta agus Scéim na bhFeirmeoirí Óga** | |
|---|---|
| 1. TALMHAÍOCHT GHINEARÁLTA | 1.1 ACOT/Teastas Teagasc san Fheirmeoireacht nó Teastas NCVA i bhFiontraíocht Tuaithe<br>1.2 Teastas FETAC san Fheirmeoireacht<br>1.3 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 san Fheirmeoireacht<br>1.4 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 3 sa Talmhaíocht<br>1.5 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 6 sa Talmhaíocht<br>1.6 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Talmhaíocht<br>1.7 Teastas Sainchuspóra FETAC Leibhéal 6 i Riarachán Feirme<br>1.8 Teastas Sainchuspóra FETAC Leibhéal 6 san Fheirmeoireacht<br>1.9 Dioplóma Teagasc i dTáirgeadh Muc<br>1.10 Dioplóma Teagasc i dTáirgeadh Éineola |

| | |
|---|---|
| 2. EACHAÍ | 2.1 Teastas FETAC (Teagasc) i bPórú agus Traenáil Capall (Cuid 2)<br><br>2.2 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 3 i bPórú agus Traenáil Capall<br><br>2.3 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 6 i bPórú agus Traenáil Capall – Eachaíocht **nó** Bainistíocht Graí<br><br>2.4 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 i Scileanna Marcaíochta<br><br>2.5 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Graí<br><br>2.6 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 i bPórú Eachaí (Bainistíocht Graí) |
| 3. GAIRNEOIREACHT | 3.1. Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 3 sa Ghairneoireacht<br><br>3.2. Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 6 sa Ghairneoireacht<br><br>3.3. Dioplóma FETAC/Teagasc sa Ghairneoireacht<br><br>3.4. Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Ghairneoireacht<br><br>3.5 Dioplóma Teagasc i nGairneoireacht Taitneamhachta/Gairneoireacht Tráchtála |
| 4. FORAOISE ACHT | 4.1 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 3 san Fhoraoiseacht<br><br>4.2 Teastas Gairmoideachais FETAC Leibhéal 6 san Fhoraoiseacht<br><br>4.3 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 san Fhoraoiseacht |
| 5. DÉIRÍOCHT | 5.1 Sainteastas Teagasc/FETAC sa Bhainistíocht Talmhaíochta-Tréad Déiríochta<br><br>5.2 Dioplóma FETAC sa Talmhaíocht (Teagasc) – Bainistíocht Tréad Déiríochta/Déiríocht<br><br>5.3 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 (Teagasc) sa Talmhaíocht - Bainistíocht Tréad Déiríochta<br><br>5.4 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Tréad Déiríochta/Déiríocht |
| 6. INNEALRA | 6.1 Sainteastas Teagasc/FETAC sa Talmhaíochta-Innealra Feirme<br><br>6.2 Dioplóma Teagasc in Oibriú, Cúram agus Cothabháil Feirme<br><br>6.3 Dioplóma Teagasc/FETAC sa Talmhaíochta – Innealra Feirme<br><br>6.4 Dioplóma FETAC sa Talmhaíocht – Innealra (Teagasc)<br><br>6.5 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 (Teagasc) sa Talmhaíocht – Innealra Feirme<br><br>6.6 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 i Meicniú Talmhaíochta |
| 7. INNEALRA/BARRA | 7.1 Sainteastas FETAC sa Talmhaíocht – Innealra agus Barra Curaíochta<br><br>7.2 Sainteastas FETAC sa Talmhaíocht – Innealra agus Barra<br><br>7.3 Dioplóma FETAC sa Talmhaíocht (Teagasc) – Innealra agus Barra Curaíochta<br><br>7.4 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 (Teagasc) sa Talmhaíocht – Innealra agus Barra Curaíochta<br><br>7.5 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 in Innealra agus Bainistíocht Barr |
| 8. STOC TIRIM | 8.1 Sainteastas FETAC sa Talmhaíocht – Bainistíocht Stoic Thirim<br><br>8.2 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Talmhaíocht<br><br>8.3 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Stoic Thirim/Táirgeadh Stoic Thirim |

| | |
|---|---|
| 9. BAINISTÍOCHT FEIRME | 9.1 Sainteastas Teagasc/FETAC sa Talmhaíochta – Bainistíocht Feirme<br><br>9.2 Sainteastas FETAC Leibhéal 6 sa Bhainistíocht Feirme<br><br>9.3 Chéad Teastas an Bhoird Phrintíseachtaí Feirme (an FAB) sa Bhainistíocht Feirme/Teastas sa Bhainistíocht Feirme<br><br>9.4 Teastas an FAB/FETAC sa tSaothraíocht Feirme<br><br>9.5 Teastas Feirmeora faoi Oiliúint an FAB<br><br>9.6 Teastas an FAB/FETAC sa Bhainistíocht Feirme Fheidhmeach<br><br>9.7 Teastas an FAB/FETAC sa Bhainistíocht Gnó Feirme |
| 10. TALMHAÍOCHT GHINEARÁLTA | 10.1 Teastas Náisiúnta NCEA (Teastas Náisiúnta Gnóthachtála Oideachais)/HETAC/Coláiste TF Aonair sa Talmhaíocht<br><br>10.2 Ardteastas HETAC/Coláiste TF Aonair sa Talmhaíocht<br><br>10.3 Dioplóma Náisiúnta HETAC/Coláiste TF Aonair sa Talmhaíocht<br><br>10.4 Baitsiléir Eolaíochta HETAC/Coláiste TF Aonair sa Talmhaíocht |
| 11. GAIRNEOIREAC HT | 11.1 Dioplóma Náisiúnta NCEA/HETAC/Coláiste TF Aonair sa Ghairneoireacht<br><br>11.2 Gnáthchéim Baitsiléara HETAC/Coláiste TF Aonair sa Ghairneoireacht<br><br>11.3 Baitsiléir Eolaíochta HETAC/Coláiste TF Aonair sa Ghairneoireacht<br><br>11.4 Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bhainistíocht Gairneoireachta |
| 12. IT BHAILE ÁTHA LUAIN | 12.1 Teastas Náisiúnta NCEA/HETAC Staidéar Gnó sa Staidéar Eachaí<br><br>12.2 Ardteastas HETAC Staidéar Gnó sa Staidéar Eachaí<br><br>12.3 Baitsiléir HETAC Staidéar Gnó sa Staidéar Eachaí |
| 13. IT LUIMNIGH | 13.1 Teastas Náisiúnta HETAC sa Teicneolaíocht i Meicniú Talmhaíochta<br><br>13.2 Ardteastas HETAC sa Teicneolaíocht i Meicniú Talmhaíochta<br><br>13.3 Ardteastas HETAC Innealtóireachta i Meicniú Talmhaíochta |

| | |
|---|---|
| 13.1 Faofa Eile Cláir TF | 13.1.1 BA Eolaíochta sa Talmhaíocht Inbhuanaithe - Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan<br><br>13.1.2 Ardteastas Eolaíochta sa Talmhaíocht Fheidhmeach - Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn<br><br>13.1.3 Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht - Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí<br><br>13.1.4 Baitsiléir Eolaíochta san Eolaíocht Talmhaíochta - Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí<br><br>13.1.5 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Talmhaíocht – Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan<br><br>13.1.6 Baitsiléir Eolaíochta sa Bhainistíocht Feirme agus sa Ghnó Talmhaíochta Inbhuanaithe – IT Cheatharlach<br><br>13.1.7 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Bhainistíocht Feirme agus sa Ghnó Talmhaíochta Inbhuanaithe – IT Cheatharlach<br><br>13.1.8 Baitsiléir Eolaíochta sa Talmhaíocht - Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn<br><br>13.1.9 Ardteastas Eolaíochta sa Talmhaíocht – Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn<br><br>13.1.10 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i dTáirgeadh Agraibhia – Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan |
| 14. IT PHORT LÁIRGE | 14.1 Teastas Náisiúnta NCEA/HETAC Eolaíochta san Eolaíocht Talmhaíochta<br><br>14.2 Ardteastas HETAC/Coláiste TF Aonair Eolaíochta san Eolaíocht Talmhaíochta<br><br>14.3 Dioplóma Náisiúnta NCEA/HETAC Eolaíochta san Eolaíocht Talmhaíochta<br><br>13.1.4 Baitsiléir Eolaíochta HETAC/ITPL san Eolaíocht Talmhaíochta<br><br>14.5 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) HETAC/ITPL sa Bhainistíocht Talún, Talmhaíocht<br><br>14.6 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) HETAC/ITPL sa Bhainistíocht Talún, Gairneoireacht<br><br>14.7 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) HETAC/ITPL sa Bhainistíocht Talún, Foraoiseacht<br><br>14.8 Dioplóma Náisiúnta HETAC/ITPL san Fhoraoiseacht<br><br>14.9 Baitsiléir Eolaíochta HETAC/ITPL san Fhoraoiseacht<br><br>14.10 Baitsiléir Eolaíochta ITPL sa Ghairneoireacht<br><br>14.11 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) ITPL san Eolaíocht Talmhaíochta |
| 15. IT NA GAILLIMHE-MAIGH EO (GMIT) | 15.1 Teastas Náisiúnta NCEA/HETAC Staidéar Gnó sa Ghnó Talmhaíochta<br><br>15.2 Ardteastas HETAC/GMIT sa Staidéar Gnó (Gnó Talmhaíochta)<br><br>15.3 Baitsiléir Gnó HETAC/GMIT san Fhiontraíocht Tuaithe agus sa Ghnó Talmhaíochta<br><br>13.1.4 Baitsiléir Eolaíochta HETAC/GMIT sa Talmhaíocht agus sa Bhainistíocht Comhshaoil<br><br>15.5 Baitsiléir Innealtóireachta (Onóracha) san Innealtóireacht Talmhaíochta |

| | |
|---|---|
| 16. UCD | 16.1 Céim sa Talmhaíocht/Gairneoireacht/Foraoiseacht a bhronn UCD, Dámh na Talmhaíochta ag UCD – Ollscoil na hÉireann (OÉ)<br><br>16.2 Céimeanna Baitsiléara san Eolaíocht Talmhaíochta a bhronntar i gColáiste Eolaíochtaí na Beatha in UCD<br><br>16.3 Dioplóma Gairmiúil sa Bhainistíocht Feirm Dhéiríochta |
| 17. TRÉIDLIACHT | 17.1 Céim sa Tréidliacht - caithfidh sonraí gabháil leis na dámhachtainí siúd a dheimhníonn go bhfuil sealbhóir na cáilíochta cláraithe le Comhairle na dTréidlianna.<br><br>17.2 Baitsiléir Tréidliachta – UCD |
| 18. LUIMNEACH | 18.1 Céim Baitsiléara Eolaíochta san Eolaíocht Eachaí – Ollscoil Luimnigh (OL)<br><br>18.2 Dioplóma san Eolaíocht Eachaí – OL |
| 19. EOLAÍOCHT DÉIRÍOCHTA | 19.1 Céim/Dioplóma san Eolaíocht Déiríochta móide 80 uair an chloig de bhainistíocht feirme |
| 20. TUATHEOLAÍOCHT | 20.1 Céim/Dioplóma sa Tuatheolaíocht móide 80 uair an chloig de bhainistíocht feirme<br><br>20.2 Céim/Dioplóma Eolaíochta (Oideachas) san Eolaíocht Bhitheach móide 80 uair an chloig de bhainistíocht feirme<br><br>20.3 Baitsiléir Eolaíochta (Oideachas) in Eolaíochtaí Bitheacha móide 80 uair an chloig de bhainistíocht feirme |
| 21. | 21.1.1 Glactar le mórdhámhachtainí nó cáilíochtaí neamhthalmhaíochta (FETAC/HETAC/Coláistí IT/Ollscoileanna/dámhachtainí iasachta) atá ar Leibhéal 6 nó a chomhionann nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an CNC) anuas ar dhámhachtainí FETAC a bhronntar ar 100 agus 80 uair an chloig a chaitheamh i gcláir oiliúna fhaofa talmhaíochta Teagasc (is é sin, Teastas Sainchuspóra Leibhéal 5 FETAC i dTáirgeadh Ainmhithe agus Barr agus Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 sa Ghnó Feirme), más féidir a chruthú gur críochnaíodh/baineadh amach gach ceann de na trí dhámhachtain roimh an 31 Márta 2008.<br><br>21.1.2 Glactar leis an gcaighdeán riachtanach iontrála isteach sa tríú bliain i gcúrsa lánaimseartha, i ndisciplín ar bith, a mhaireann 3 bliana nó níos faide ag institiúid tríú leibhéal anuas ar dhámhachtainí FETAC a bhronntar ar 100 agus 80 uair an chloig a chaitheamh i gcláir oiliúna fhaofa talmhaíochta Teagasc (is é sin, Teastas Sainchuspóra Leibhéal 5 FETAC i dTáirgeadh Ainmhithe agus Barr agus Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 sa Ghnó Feirme), más féidir a chruthú gur críochnaíodh/baineadh amach gach ceann de na trí dhámhachtain roimh an 31 Márta 2008.<br><br>21.1.1 Caithfidh daoine a bhaineann dámhachtainí nó cáilíochtaí neamhthalmhaíochta amach (FETAC/HETAC/Coláistí IT/Ollscoileanna/dámhachtainí iasachta) atá ar Leibhéal 6 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí Teastas Sainchuspóra FETAC Leibhéal 6 sa Riarachán Feirme a chríochnú. |

| | |
|---|---|
| 22. | 22.1 Meastar gurb ionann litir ó Teagasc ina ndeimhnítear go bhfuil cáilíocht bainte amach ag an iarratasóir agus aon cheann de na cáilíochtaí a liostaítear ag 1 go 20 thuas. |